Cúirt an Ṁeán Oíċe

Ba ġnáṫ mé aʒ ʃiúl le ciuṁais na haḃann
Ar ḃáinʃeaċ úr is an drúċt ʒo trom,
In aice na ʒcoillte, i ʒcoim an tʃlé',
Ʒan ṁairʒ, ʒan ṁoill, ar ḟoilʃe an lae.
Do ġealaḋ mo ċroí nuair ċínn Loċ Ʒréine,
An talaṁ, an tír, is íor na ʃpéire;
Taitneaṁaċ aoiḃinn ʃuíoṁ na ʃléiḃte
Aʒ baʒairt a ʒcinn ṫar ḋroim a ċéile.
Do ġealfaḋ an croí ḃeaḋ críon le cianta,
Caite ʒan ḃrí, nó líonta de ṗianta,
An ʃéiṫleaċ ʃearḃ ʒan ʃealḃ ʒan ʃaiḃreas
D'ḟéaċfaḋ tamall ṫar ḃarra na ʒcoillte
Ar laċain 'na scuainte ar ċuan ʒan ċeo
'S an eala ar a ḃfuaid 's í aʒ ʒluaiʃeaċt leo;
Na héiʃc le meiḋir aʒ éirí in airde,
Péirʃe im raḋarc ʒo taiḃʃeaċ tarrḃreac,
Daṫ an loċa aʒus ʒorm na dtonn
Aʒ teaċt ʒo tolʒaċ torannaċ trom.
Ḃíoḋ éanlaiṫ i ʒcrainn ʒo meiḋreaċ móṁar
Is léimneaċ eilte i ʒcoillte im ċónʒar,
Ʒéimreaċ aḋairce is raḋarc ar ḟlóite,
Tréanriṫ ʒaḋar is Reynard rómpu.